CÚRSAÍ NA ĠAELTAĊTA SA SEANAID

(Ar lean. ó leaṫ. 1)

-ḃairt i ngaċ Límistéar Gaeltaċta." Mar sin, caiṫfimid a ḃeiṫ an-ċúramaċ i dtaoḃ an ġléis sin, agus ós ag tráċt air sin atá mé, tá ceist nó dó le cur agam ar an Rúnaí Pairliminte.

In alt amáin faoin mBille seo táṫar ċun cur le ballraíoċt an Ḃoird. Ḃeiḋ suas le seaċtar comalta ar an mBord seo feasta. Caiṫfiḋ an tAire agus an Rialtas a ḃeiṫ an-ċúramaċ ar fad i dtaoḃ roġnú na mball breise seo. Nílimid go léir ró-ṡásta go ḃfuil na daoine is oiriúnaí ar fad air don obair atá idir lámaiḃ ag Gaeltarra Éireann. Tá súil agam go mbeiḋ an Rialtas an-ċúramaċ ar fad daoine oiriúnaċa, daoine go ḃfuil eolas cruinn acu ar ċúrsaí eacnamaíoċta. d'ḟáil as so amaċ.

ceangal

Cé'n ceangal atá idir Ġaeltarra Éireann agus Foras Tionscal maidir le monarċain a ċur ar bun sa Ġaeltaċt? Rud eile, sa tuarascáil a ċuir Gaeltarra Éireann amaċ le déanaí, tá an-ċur síos ar scéimeanna tréimeála agus ar ċúrsaí printíseaċa. Cé'n ceangal atá idir Ġaeltarra Éireann agus an Ċeárd Ċomairle sna cúrsaí sin?

trua gan suim

Is tuarascáil ṁaiṫ an ceann atá im lámaiḃ agam. Leagan Gaeilge atá inti. Is trua naċ ḃfuil mórán suime i gcúrsaí na Gaeltaċta ag muintir na Galltaċta. Toisc gan aċ leagan Gaeilge den tuarascáil a ḃeiṫ ar fáil, ní féidir le muintir na Galltaċta — ní féidir le daoine naċ ḃfuil aon Ġaeilge acu — aon tuarascáil a léaṁ ar obair Ġaeltarra Éireann. Ba ṁaiṫ an rud é leagan Béarla den tuarascáil seo a ċur ar fáil.

Cuirim fáilte roiṁ an mBille agus tá súil agam, nuair a tiocfaiḋ an Rúnaí Pairliminte nó duine ar biṫ eile ċugainn le Bille den tsaġas seo feasta, go mbeiḋ an scéal níos fearr ná mar atá sé anois. Sé an rud is tábaċtaí go ḃfuil obair ṁaiṫ déanta ag Gaeltarra Éireann aċ, fé mar aduirt mé ċeana féin, na daoine go ḃfuil eolas cruinn acu níl siad aċ leaṫ-sásta leis an obair atá déanta.

Séamas Ó Dólain

Ar an gcéad dul síos, fáiltím roiṁ an Rúnaí Pairliminte. Tuigimid go léir go ḃfuil an-spéis ar fad aige sa Ġaeltaċt, i Roinn na Gaeltaċta agus sna daoine a ċónaíonn sna ceantraċa sin. Ní inné ná inniu a ṫárla an rud sin mar i riṫ a ṡaoil — i ḃfad sar a dtáinig sé isteaċ san Oireaċtas —ṫéaḋ sé ansin gaċ bliain. Ní dóiġ liom go ḃfuil in Éirinn fear go ḃfuil níos mó eolais aige ar na fadbanna a ḃaineann leis an Ġaeltaċt ná é. Ar an áḃar sin, tá an-áṫas orm go ḃfuil an post seo aige agus tá mé cinnte go ḃfuil áṫas ar ṁuintir na Gaeltaċta fosta. Raġaiḋ obair an Rúnaí Gaeltaċta fosta. Raġaiḋ obair an Rúnaí Pairliminte ní h-amháin ċun socair na Gaeltaċta aċ ċun socair náisiún na hÉireann ar fad.

riaċtanaċ

Is Bille maiṫ é seo agus bí riaċtanas leis. Is dian an saol atá ag muintir na Gaeltaċta. Ruaigeaḋ isteaċ sna h-áiteanna iargúlda iad agus do ċlaoi siad le nósanna na nGaeḋeal, le teanga na nGaeḋeal agus le teanga na hÉireann. Ceart dúinn anois nuair atá an deis againn failí a ḋéanaṁ sna daoine seo. Tá sé de ḋualgas orainn ár ndíċeall a ḋéanaṁ ar a son. Fiú amháin má ċaillimid airgead ar an obair ina ḋiaiḋ sin is uiliġ is ceart dúinn an obair a ḋéanaṁ.

Tá na daoine sna h-áiteanna sin ag obair ar ḟeirmeaċa beaga agus níl mórán airgid acu. Go dtí gur cuireaḋ Gaeltarra Éireann ar bun ní raiḃ mórán seans acu maireaċtáil sna háiteanna sin. Caḃróiḋ an Bille seo ċun obair seasṁaċ ḃuan a ċur ar fáil dona daoine óga ionas go mbeiḋ siad ábálta fanúint sa baile más féidir leo. Ḃeiḋ a ḟios acu go mbeiḋ post seasṁaċ acu i riṫ a saoil agus go mbeiḋ seans acu pósaḋ agus clann a tógáil sna ceantraċa seo.

sa ḃaile

Tá a ḟios agam go mbeiḋ ar a lán dena daoine sna h-áiteaċa seo dul ag obair in áiteanna eile in Éirinn nó ṫar lear aċ ba ċóir dúinn féaċaint ċuige go gcoimeádfar an ċuid is mó acu sa baile. Ar an dóiġ sin béimid ag déanaṁ iarraċt fosta an Ġaeltaċt do ṡáḃáil mar tá a ḟios againn go léir gurb é sin an cuspóir atá sa Ṗáipéar Bán um Aṫbeoċan na Gaeilge.

Ba ċóir go mbeaḋ muintir na Gaeltaċta bródúil as a dteanga agus as a nósanna agus ba ċóir dúinn caḃrú leo fé mar atá an Rúnaí Pairliminte dá ḋéanaṁ sa Bille seo. Tá sé ag iarraiḋ airgead a ċur ar fáil a ċaḃróḋ le daoine déantúsaí a ċur ar bun sna h-áiteanna sin.

talaṁ boċt

Tá talaṁ boċt ann agus mar aduirt an Rúnaí Pairliminte, tá a lán tionscal ar siúl ann fé láṫair. Tá suas le seaċt gcéad duine ag obair ann agus níos má ná míle go ḃfuil obair ċeinteáin dá ḋéanaṁ acu sa baile. Más féidir linn leaṫnú a ḋéanaṁ air sin agus b'ḟéidir, tionscal mór amháin a ċur isteaċ ann ba mór an rud é.

Molaim an Bille agus gaċ a gcuireann sé roiṁe a ḋéanaṁ. Tá súil agam go mbeiḋ dea-ṡaol ag an Rúnaí Pairliminte ina ṗost agus tá mé cinnte go raġaiḋ an Bille seo go mór ċun socair miutir na Gaeltaċta.

Dónall Ó Conallain

Ba ṁaiṫ liomsa cur leis an ḃfailtiú atá curṫa roiṁ an Rúnaí Pairliminte nua anso, ⁊ freisin, fáilte ḟíor-ċroíúil a roiṁ an mBille seo.

geallta dúinn

Ar ndóiġ, bí an Bille seo geallta dúinn sa Ṗáipéar Bán aċ cuirim fáilte leis, roiṁe mar ba ċomarṫa domsa é go ḃfuil an Rialtas dáiríre faoi iomlánú an ṗolasaí atá leagṫa amaċ acu i dtaoḃ na Gaeilge sa Ṗáipéar Bán sin. Is comarṫa dom freisin é go ḃfuil an Rialtas tágṫa ar an intinn gurab é seo an gné is práinní ar fad de ċúis aṫbeoċán na Gaeilge, sé sin, an Ġaeltaċt a ċaomnú agus a slánú. Traoslaim leis an Rúnaí Pairliminte é a luaiṫe d'éiriġ leis an Bille seo a ṫaḃairt faoi ḃráid Tiṫe an Oireaċtais. Níor cuireaḋ an Páipéar Bán ar fáil go dtí mí Eanair na bliana seo agus nuair a ċuiṁnímid go raiḃ an saol polataíoċta réasúnta corraċ idir an dá linn, idir toġaċáin agus eile, ba ṁór an gaisce an Bille seo a ḃeiṫ os ár gcomair ċoṁ luaṫ seo.

cé'n faṫ

Anois d'ḟéadfaḋ sé go ḃfuil daoine inár measc go fóill naċ dtuigeann go díreaċ cé'n fáṫ gur gá peataíoċt den tsort seo a ḋéanaṁ ar limistéir na Gaeltaċta. Ar ndóiġ, ní rud nua ar biṫ é a leiṫéid seo. Glactar leis ina lán den reaċtaíoċt a ḃíonn os comair na dTiṫe seo. Glactar leis an bprionsabal go ḃfuil de ḋualgas ar an Rialtas teaċt i gcaḃair ar an ċuid is laige dár muintir. Glactar leis san reaċtaíoċt i leiṫ tiṫíoċta, i leiṫ tailte agus tionscal agus, mar sin, ní h-ionaḋ ar biṫ é go ḃfuil an prionsabal seo sa Ḃille seo le, mar adeirim, fáḃar ar leiṫ nó peataíoċt ar leiṫ a ḋéanaṁ ar an gcuid is laiġe ar fad dár muintir, sé sin, na daoine atá ina gcónaí sna limistéir a dtugtar an Ġaeltaċt orṫu.

ní leor é

Caiṫfear a ṫuiscint, freisin, go ḃfuil éileaṁ ar leiṫ ag na limistéir seo ṫar na cinn eile a bí i gceist agus aiṫníoḋ é sin i ḃfad siar nuair a cuireaḋ Coimisiún na Gaeltaċta ar bun ins na fiċidí. Nuair a cuireaḋ a gcuid moltaí sin os coṁair na dTiṫe seo glacaḋ leo agus cuireaḋ cuid acu i ḃfeiḋm agus rinne siad leas mór aċ níor leor sin. Ċuireadar a lán deontas ar fáil do ṁuintir na Gaeltaċta agus cuireaḋ Seirḃísí na Gaeltaċta ar bun agus in ḋiaiḋ sin Gaeltarra Éireann. Aċ i ndeireaḋ na dála ní raiḃ ansin ar fad aċ sop in ionad na scuaibe agus crutaíonn sé ar aon ċuma naċ leor deontaisí den ċineál a cuireaḋ ar fáil ċun muintir na Gaeltaċta a ċoinneáil ar an ḃfód dúċais.

cúngú

Sé an ċaoi a raiḃ an Ġaeltaċt ag dul i gcúinge ó ṡoin nó i laġaḋ agus anois táimid tagṫa go dtí an poinnte naċ féidir ligint don Ġaeltaċt cúngú níos fuide. Caiṫfimid gaċ díċeall a ḋéanaṁ anois ċun a ċiṁtiú mar ċéad ċéim san aṫbeoċain go ndéanfar an Ġaeltaċt mar atá sí faoi láṫair a ċaoṁnú, agus a ċoṫú ⁊ a neartú.

ár gcultúr féin

Cuiṁnimís gur ag muintir na Gaeltaċta atá an ċuid is dúċasaí ar fad dár gcultúr, gurb iad muintir na Gaeltaċta an t-aon ceangal amháin atá againn leis an tsean náisiún Gaelaċ agus go ḃfuil de ḋualgas orainn gan ligint don ceangal sin a ḃeiṫ briste ar ċúimse ar biṫ. Ar ndóiġ, níl a ḟios agam cad a ḋéanfaiḋ an glún inár ndiaiḋ aċ tá de ḋualgas orainn-ne ar aon ċuma féaċaint ċuige naċ mbrisfear an ceangal agus naċ ligfear don tobar, an t-aon tobar fíor-Ġaeilge amháin atá ann, a dul i ndísc trí ḟaillí a ḋéanaṁ inár ndualgaisí i leiṫ na Gaeltaċta anois.

iarraċt

Sé atá sa Ḃille seo anois iarraċt ar Gaeltarra Éireann ċumasú ċun taḃairt faoi ḟorbairt eacnamaíoċta na Gaeltaċta ar bun i ḃfad níos leiṫne agus níos éifeaċtaí ná mar ab' féidir leo a ḋéanaṁ go dtí seo. Tá na fiaċa a ḃí orṫu dá maiṫeaṁ dóiḃ agus tá breis ṁór airgid á taḃairt dóiḃ.

Anois, níl a ḟios agam féin go cinnte cé tá ar an mBord seo Gaeltarra Éireann, aċ caiṫfiḋ mé easaontú go láidir leis an Leas-Ċaṫaoirleaċ, nuair a ḃí sé ag caint annso. Dar leisean sé an rud is tábaċtaí i gcás an Ḃoird sin, go mba saineolaiṫe iad ar ċúrsaí gnóṫa agus go dtiocfaidís anso bliain i ndiaiḋ a ċéile agus cuntaisí acu a ṫaispeánfas go ndearna siad brabús. Is beag is cás liomsa an brabús. Is tábaċtaí go mór go mbeaḋ fostaíoċt iomlán ar fáil ag muintir na Gaeltaċta ná go mbeaḋ an Bord seo ag iarraiḋ a ċumas gnóṫa a ċur in iúl dúinn ná rud ar biṫ eile.

tubaiste

Dár liomsa, is mó de ṫubaiste Gaeilgeoir dúċais amháin imeaċt as an dtír seo ar eisimirce ná deiċniúr as Galltaċt tíre. Mar, gaċ aon Ġaeilgeoir dúċais dá n-imíonn as an tír is braon fola eile é imiṫe as corp an náisiúin. Ba ṁaiṫ liom oiread treise agus is féidir liom a ċur leis an smaoineaḋ sin gur mó de ṡeirḃís sóisialda don Ġaeltaċta atá anuas anois ar an mBord seo ná seirḃís eacnamaíoċta. Ar ndóiġ, teastóiḋ daoine gasta ar ċúrsaí gnóṫa aċ má tá daoine eile le ċur ar an mBord, ba ṁaiṫ liom go mbeaḋ cuid acu, ar a laġad, mar a ḃeaḋ madraí faire ar an gné sin dá ndualgas, sé sin, go ndéanfaí na Gaeilgeoirí dúċais a ċosaint ar imirce, go dtaḃarfaí fostaíoċt dóiḃ agus go ḃfanfaidís anseo le go mbeaḋ, mar aduirt mé, tobar fíor-Ġaeilge an, le freastal ar an gcuid eile den tír.

Tá sé lag go leor mar atá sé, tá sé cúng go leor mar atá sé, aċ mura ndéantar an méid atá ann a ċoinneáil ann beiḋ ag teip orainn-ne agus beiḋ ag teip ar an mBord.

Ba ṁaiṫ liom raṫ agus séan a ġuí ar an mBord agus ar an obair atá roiṁe.

Bn. Uí Eiċtiġearn

Is mian liom fáilte a ċur roiṁ aon leasú nó aon ċuṁaċt a ċuirfear ar fáil ċun caḃrú le tionscail a ḃunú nó d'ḟorbairt sa Ġaeltaċt. Táim cinnte go gcaḃróiḋ a leiṫéid go mór le h-obair láiṁe sna ċeantair sin. Tá aiṫne agam ar ḋaoine ansin naċ féidir leo mion tionscail a ċur ar siúl mar níl an bun airgead acu. Táim cinnte go gcaḃróiḋ an Bille seo ċun sin a ċur i gcríċ. Is amlaiḋ ná bíonn an bun airgead acu ċun an bun áḃar d'ḟáil nuair a ḃeaḋ na cailíní agus na buaċaillí gan obair. Is fearr liom go mór caḃrú leis na daoine tré tionscail ḃeaga a ċur ar bun ins na ceantair sin seaċas tionscail móra.

Dá gcuirtí tionscail móra ar bun do ċaḃróḋ sé b'ḟéidir le Gallú na háite seaċas í a Gaelú. Seaċtain ó ṡoin fuair mé litir ó ḃean in áit éigin i gConamara ag fiafraí díom an mbeaḋ aon áit in a ḃféadfaḋ sí £500 a ḟáil ċun bun tionscal a ċur ar siúl. Ḃí cailíní san áit a ḃeaḋ oiriúnaċ ċun cur ag obair ann. Ḃí cleaċtaḋ aici féin ar an saġas seo oibre mar ḃíoḋ sí ag obair sa "Congested Districts Board" agus ní ḃeaḋ ag teastáil uaiṫi aċ an £500 úd ċun an tionscal a ḃunú. Tá súil agam go Raġaiḋ sí ċuig an Rúnaí Pairliminte leis an scéim atá aici ⁊ go mbeiḋ an ċaḃair atá uaiṫi le fáil. Cuirim an-ḟáilte roiṁ an mBille seo.

Gearóid Mac Gearailt

Ba ṁaiṫ liomsa, freisin, a Leas-Ċaṫaoirleaċ, fáilte a ċur roiṁ an mBille aċ ba ṁaiṫ liom an ċeist a ṗlé i mBéarla.

Miċeál Ó Cinnéide

Fáiltím roiṁ an mBille seo. Is náireaċ an rud é naċ ḃfuil níos mó eolais againn go léir mar ġeall ar ċúrsaí na Gaeltaċta. Ba ṁaiṫ liom tagairt a ḋéanaṁ do ċeist nó dó.

Cuirim fáilte roiṁ an mBille.

Pádraig Ó Factna

I dtús áite, ba ṁaiṫ liom mo ḃuíoċas a ġaḃáil leis an Seanad fá dtaoḃ den ḟáilte a ċuireadar roiṁ an mBille. Ba ṁaiṫ liom, fosta, buíoċas a ġaḃáil leo siúd a ċuir fáilte roṁam féin.

obair ṁillteanaċ cruaiḋ

Dúirt an Seanadóir Dooge gur cúrsaí eacnamaíoċta agus cúrsaí sóisialta a ḃí i gceist. Indiaiḋ ḃeiṫ ag éisteaċt leis na Seanadóirí a laḃair anseo, táim sásta go dtuigeann siad an saġas oibre atá roṁainn — obair ṁillteanaċ cruaiḋ — agus go ḃfuil sé an-dóiliġ ar fad an ċeist a réiteaċ. Aċ, ag an am céanna, bí áṫas orm a ḟeiceáil gurb í an ḃarúil a ḃí ag an gcuid is mó de na Seanadóirí gur cóir an ceist a réiteaċ agus go mbeiḋ cuidiú le fáil agam ó na Seanadóirí uiliġ san obair seo atá á ḋéanaṁ agam.

An teanga a ṡáḃáil

Faoi mar aduirt mé i dtús áite tá an obair seo iontaċ deacair ar fad. Ar ṫaoḃ amháin táimid ag iarraiḋ an teanga a ṡáḃáil sa Ġaeltaċt — ní h-amháin í á ṡáḃáil aċ í a neartú agus a leaṫnú amaċ ón Ġaeltaċt. Dá n-iarrfaí orma dul isteaċ sa Gaeltaċt agus saol eacnamaíoċta na ndaoine a ḟeaḃsú gan bacaint leis an Ġaeilge ar ċor ar biṫ ḃeaḋ obair dian go leor roṁam aċ, nuair atá orm an dá rud a ḋéanaṁ ag an am céanna sílim go ḃfuil sé so-ḟeicṫe ag gaċ aon duine cé ċoṁ cruaiḋ agus atá an obair atá roṁainn — go háiriṫe i láṫair na huaire nuair atá fórsaí Gallda ag brú níos treise in éadan na teanga ná mar a bí riaṁ, trí ṁeán na telefíse agus an raidio. Táimid ag iarraiḋ feaḃas a ċur ar saol eacnamaíoċta na ndaoine sa Ġaeltaċt — faoi ṫoscaí naċ dtuigeann, sílim, formór de ṁuintir na hÉireann. Sílim naċ léir don ċuid is mó dár muintir cé ċoṁ boċt is atá an talaṁ sa Ġaeltaċt agus cé ċoṁ dóiliġ is atá sé ar ṁuintir na Gaeltaċta slí ḃeaṫa a ḃaint amaċ faoi na toscaí úd.

imirce

Tá a ḟios againn go léir an imirce atá ann, ní inné ná inniu, aċ le níos mó ná céad bliain anuas ó na ceantraċa sin. Tá sé iontaċ deacair deireaḋ a ċur leis an imirce. Na rudaí atá mé indiaiḋ laḃairt fá dtaoḃ díoḃ is rudaí iad uiliġ a ċuireann isteaċ ar ṁeon na ndaoine, mar a déarfá. Tá ceist síceolaíoċta ann coṁ maiṫ le ceist eacnamaíoċta agus ceist ċultúir. Ar an áḃar sin, mar dúirt mé ag an tús, tá obair ḟíor-ḋeacair roṁainn aċ tá de misneaċ againn dul ar aġaiḋ leis an obair sin. Má ṫugann ní hamháin muide anseo, ní hamháin na daoine atá ag déileáil leis an Ġaelt[illegible], aċ muintir na Gaeltaċ[illegible] faoin aiḋm atá roṁainn, na [illegible] amaċ, táim cinnte go [illegible] linn an ċeist a réiteaċ.

difríoċt

Ċuir an Seanadóir Dooge cúpla ceist anseo fá dtaoḃ de Ġaeltarra Éireann. D'ḟiafraiġ sé díom cad í an difríoċt idir na cuṁaċtaí a ḃeiḋ ag Gaeltarra Éireann agus atá ag Foras Tionscal. Ḃeiḋ cuṁaċt ag Gaeltarra Éireann naċ ḃfuil ag Foras Tionscal, scaireanna a ġlacaḋ i gcoṁlaċt agus coṁ maiṫ leis sin cuṁaċt, mar atá ag oFras Tionsal, deontas a ṫaḃairt ḟaid atá scaireanna sa ċoṁlaċt acu. Is féidir le déantúsóirí ar mian leo tionscal a ḃunú sa Ġaeltaċt gan dul i gcoṁar le aGeltarra Éireann, deontas a lorg go fóill ón bForas Tionscal faoi mar a ḋéantar faoi láṫair.

Cuireaḋ ceist orm ofsta fá dtaoḃ de Ġaeltarra Éireann ⁊ an Ċeárd-Ċoṁairle. Níl ceangal foirmeálta idir Gaeltarra Éireann agus an Ċeárd-Ċoṁairle. Ag an am céanna, téann Gaeltarra Éireann i gcoṁairle leis an gCeárd-Ċoṁairle le fáil amaċ cad é an caiġdeán atá de ḋíṫ agus sílim go tig liom a rá go ḃfuil caiġdeán ċoṁ hard ag Gaeltarra Éireann agus a ṫeastaíonn ón gCeárd-Ċoṁairle.

(Ar lean. ar leaṫ. 6)